**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0084/2024**

11.3.2024

# TUARASCÁIL

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VIII – an tOmbudsman Eorpach
(2023/2137(DEC))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Luke Ming Flanagan



Aontaithe san éagsúlacht

PR_DEC_Eile

## CLÁR

**Leathanach**


1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ..........................3

2. TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ................................5

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ..........................................................................................................................14

INFORMATION ON ADOPTION IN COMMITTEE RESPONSIBLE.................................15

FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE RESPONSIBLE ....................................16

# 1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VIII – an tOmbudsman Eorpach (2023/2137(DEC))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0256/2023)[2],

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh don bhliain 2022 agus dá thuarascáil maidir le Bainistiú Buiséadach agus Airgeadais don bhliain airgeadais 2022,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid i dtaca leis an mbliain airgeadais 2022, maille le freagraí na n-institiúidí[3],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[4] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 314(10), agus d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[5], agus go háirithe Airteagail 59, 118, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9 0000/2024) (A9-0084/2024),

1. ag deonú urscaoileadh don Ombudsman Eorpach i ndáil le cur chun feidhme an

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[4] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.
[5] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

bhuiséid an Ombudsman Eorpach don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún seo anseo ina dhiaidh seo;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, agus an rún atá ina chuid dhílis de, a chur chuig an Ombudsman Eorpach, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

## 2. TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VIII – an tOmbudsman Eorpach**
**(2023/2137(DEC))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VIII – an tOmbudsman Eorpach,

– ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9 0000/2024) (A9-0084/2024),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais acmhainní daonna a chur chun feidhme;

B. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go dtoghfaidh Parlaimint na hEorpa Ombudsman Eorpach a chumhachtófar chun gearáin a ghlacadh ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát maidir le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina ról breithiúnach. Scrúdóidh sé nó sí na gearáin sin agus tabharfaidh sé nó sí tuairisc orthu;

C. de bhrí go leagtar síos le Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021[1] na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh);

D. de bhrí go bhfuil an Cinneadh ón Ombudsman Eorpach lena nglactar Forálacha Cur Chun Feidhme faoi athbhreithniú faoi láthair tar éis Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 a ghlacadh;

1. á thabhairt dá haire go dtagann buiséad an Ombudsman Eorpaigh (an 'Ombudsman') faoi cheannteideal CAI 7 'An riarachán poiblí Eorpach', arbh ionann é agus EUR 11.6 billiún san iomlán, i.e. 5.9 % de chaiteachas buiséadach an Aontais, in 2022; á thabhairt dá haire gurbh ionann buiséad an Ombudsman agus 0.1 % de leithreasuithe cheannteideal 7 CAI;

2. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt'), ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2022, sampla de 60 idirbheart faoi Riarachán, an líon

[1] IO L 253, 16.7.2021, lch. 1.

céanna agus a rinneadh do 2021; á thabhairt dá haire, thairis sin, go scríobhann an Chúirt go gcuimsíonn caiteachas riaracháin caiteachas ar acmhainní daonna lena n-áirítear pinsin, arbh ionann é agus thart ar 70 % den chaiteachas riaracháin iomlán in 2022, agus ar fhoirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise agus go léiríonn a chuid oibre le blianta fada go bhfuil riosca íseal ag baint leis an gcaiteachas sin ar an iomlán;

3. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt, mar chuid den iniúchadh do 2022, córais mhaoirseachta agus rialaithe an Ombudsman, go háirithe cur chun feidhme na gcaighdeán rialaithe inmheánaigh, bainistiú riosca, agus feidhmiú na bpríomhrialuithe a shainmhínítear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (‘an Rialachán Airgeadais’), lena n-áirítear rialuithe ex ante agus ex post maidir le híocaíochtaí;

4. á thabhairt dá haire go raibh earráidí i 14 (23%) de na 60 idirbheart ach go measann an Chúirt, bunaithe ar na cúig earráid a ndearnadh cainníochtú orthu, go bhfuil an leibhéal earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta;

5. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go sonraíonn an Chúirt, ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2022, nár shainaithin sí aon saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an Ombudsman;

***Bainistiú buiséadach agus airgeadais***

6. á thabhairt dá haire gurbh ionann buiséad an Ombudsman agus EUR 12 222 108 in 2022, arb ionann é agus laghdú EUR 280 000 i gcomparáid le 2021; á chur in iúl go dtuigeann sí gur toradh é an laghdú sin ar chuíchóiriú an bhuiséid bunaithe ar riachtanais iarbhír;

7. á thabhairt dá haire go raibh ráta cur chun feidhme an bhuiséid ag 96.97% in 2022, ráta atá níos airde i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, nuair a bhí an ráta cur chun feidhme 88.8% mar gheall ar shrianta a bhain le paindéim COVID-19;

8. á thabhairt dá haire, le linn 2022, go ndearna an tOmbudsman 6 aistriú buiséid de bhun Airteagal 29 den Rialachán Airgeadais, arb ionann é agus EUR 344 460 san iomlán nó 2.8% de na leithreasuithe don bhliain airgeadais sin; á thabhairt dá haire thairis sin gur roinneadh an ainmníocht bhuiséadach d’ítim ‘2000’ i gceithre fhochatagóir chun trédhearcacht na faisnéise a bhí ag teastáil d’fhoirgnimh an Ombudsman sa dá ionad oibre a mhéadú; ag aithint nár úsáideadh na leithreasuithe a aistríodh ón mír buiséid cíosa toisc gur íoc an tOmbudsman na costais uile a tabhaíodh chun oibreacha fhoirgneamh an Ombudsman nua a fheistiú trí bhuiséad 2021 seachas iad a scaipeadh thar 6 bliana;

9. á chur in iúl gur mór aici, in ainneoin an t-am le haghaidh íocaíochtaí a mhéadú ó 11.35 go 13 lá ó 2021 go 2022, go bhfuil an meán-am le haghaidh íocaíochtaí fós measartha gearr; á chreidiúint nach féidir le cur chun feidhme córais ríomhshonrasctha ó 2023 ar aghaidh ach feabhas a chur ar éifeachtúlacht an phróisis íocaíochta;

10. á thabhairt dá haire nár thuairiscigh an tOmbudsman aon tionchar ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar a buiséad 2022 do mhisin, soláthar nó tógáil; á mholadh go gcuirfeadh an tOmbudsman san áireamh go bhféadfadh costais bhreise i mbuiséad 2023 an Ombudsman a bheith mar thoradh ar an gcéad athbhreithniú bliantúil eile ar an

gcíos agus ar na muirir chnapshuime tógála ag an bParlaimint;

11. á thabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar an mbuiséad do mhisin foirne ó EUR 135 000 in 2021 go EUR 120 000 in 2022 mar thoradh ar choigilteas bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus ar úsáid fhorleathan saoráidí físchomhdhála le haghaidh cruinnithe inmheánacha agus seachtracha sa dá áit oibre;

***Bainistiú inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach***

12. á thabhairt dá haire gur lean an tOmbudsman, le linn 2022, de ghníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí straitéis cúig bliana an Ombudsman 'I dTreo 2024', mar a leagtar amach ina Phlean Bainistíochta Bliantúil (AMP); á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur éirigh leis an Ombudsman na dréachtfhorálacha lena gcuirtear chun feidhme an Reacht nua lena rialaítear dualgais an Ombudsman a sheachadadh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle agus chuig an bParlaimint le haghaidh comhairliúcháin i gcomhréir le AMP 2022;

13. á chur i bhfios go láidir, in 2022, tar éis dó tabhairt faoi deara deargeaspa na faisnéise poiblí, ag teacht roimhe, gur iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún conas a áiritheoidh sé trédhearcacht sa chaibidlíocht faoi phleananna náisiúnta téarnaimh, conas a ráthóidh sé grinnscrúdú poiblí ar na clocha míle arna mbaint amach ag na Ballstáit, agus conas a dhéanfaidh sé maoirseacht ar na hiniúchtaí [2];

14. á thabhairt dá haire go bhfuair an tOmbudsman 2,223 ghearán in 2022, i gcomparáid le 2,192 in 2021, a raibh 35% díobh laistigh de shainordú an Ombudsman; á thabhairt dá haire thairis sin gur oscail an tOmbudsman 348 fiosrúchán, lena n-áirítear 60 fiosrúchán a bhfuil tábhacht phoiblí leo, agus gur dhún sé 330 fiosrúchán in 2022 i gcomparáid le 338 bhfiosrúchán a oscailt in 2021 agus 305 fhiosrúchán a dhúnadh;

15. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar mór imní di, go bhfaigheann an tOmbudsman go leor gearán ó na saoránaigh faoi mhórmhoill i rochtain a fháil ar dhoiciméid a iarradh; ag tacú le tuairimí an Ombudsman gur diúltú rochtain atá ann i ndáiríre má chuirtear moill ar rochtain a fháil agus gur cheart próisis riaracháin a chuíchóiriú chun a áirithiú go bhfaighidh saoránaigh rochtain ar dhoiciméid ar bhealach tráthúil[3];

16. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur forbraíodh próiseas cuíchóirithe chun déileáil le fiosrúcháin maidir le 'mainneachtain freagra a thabhairt'; á chur in iúl gur geal léi freisin cur i bhfeidhm nós imeachta simplithe chun gearáin "lasmuigh den sainordú" a láimhseáil, rud a laghdaíonn an t-am chun déileáil leis na hiarrataí sin ó 15 lá go 3 lá; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar sin féin, gur tháinig méadú ó 61 lá go 91 lá ar an meán-am chun déileáil le gearán laistigh den sainordú agus gur tháinig méadú ar an meán-am chun déileáil le fiosrúchán ó 112 go 166 lá idir 2021 agus 2022;

17. á thabhairt dá haire go bhfuil eitic agus trédhearcacht fós ina réimsí tábhachtacha oibre don Ombudsman in 2022 a lean de bheith ag rannchuidiú le dul chun cinn, ach go raibh dúshláin ann freisin agus gurbh ionann líon na ngearán a bhaineann le trédhearcacht agus cuntasacht agus 32% de gach cás in 2022;

[2] https://www.ombudsman.europa.eu/en/news-document/en/152993.

[3] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0295_EN.html.

18. á thabhairt dá haire go raibh rochtain phoiblí ar dhoiciméid fós ina príomhthosaíocht ag an Ombudsman in 2022, agus go bhfuarthas 121 ghearán, gur taifeadadh an líon is airde laistigh de bhliain, agus go raibh 90 gearán mar thoradh ar fhiosrúcháin; á chur in iúl gur geal léi láimhseáil thapa na gcásanna i réimse na rochtana poiblí ar dhoiciméid, le 46 lá oibre ar an meán go dtí go ndúnfar an gearán agus 67 lá oibre i ndáil le fiosrúcháin amháin; á chur in iúl go dtuigeann sí, in ainneoin an mhéadaithe ar líon na gcásanna, nach raibh i sciar na bhfiosrúchán meara ach 28% de na fiosrúcháin uile rochtana poiblí ar dhoiciméid, i gcomparáid le 58% in 2021; á chur in iúl gur geal léi torthaí na mórfhiosrúchán a bhaineann leis an gCoimisiún agus le Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, amhail FRONTEX, agus institiúidí agus comhlachtaí amhail BEI maidir leis an mbainistiú riaracháin a dhéanann siad ar iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid;

19. á mheabhrú gur cheart, dar leis an Ombudsman Eorpach, do na srianta ar rochtain ar dhoiciméid, ar dhoiciméid reachtúla go háirithe, a bheith eisceachtúil agus teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach; á mheabhrú, ina theannta sin, nach mór d’aon chinneadh lena ndiúltaítear rochtain phoiblí ar dhoiciméid a bheith bunaithe ar dhíolúintí dlíthiúla atá sainithe go soiléir agus go docht, lena ngabhann bonn cirt réasúnaithe agus sonrach, chun a chur ar chumas na saoránach diúltú rochtana a thuiscint agus úsáid éifeachtach a bhaint as na leigheasanna dlíthiúla atá ar fáil; á mheas go gcabhródh cur chuige níos réamhghníomhaí le trédhearcacht éifeachtach a áirithiú agus díospóidí dlí costasacha agus troma idir saoránaigh agus institiúidí a chosc[4];

*Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail na foirne*

20. á thabhairt dá haire go bhfuil comhdhéanamh na foirne ó thaobh stádais agus próifílí poist de fós cobhsaí le blianta beaga anuas, agus 74 bhall foirne san iomlán ann ag deireadh 2022, an líon céanna agus a bhí in 2021; á thabhairt dá haire thairis sin, in 2022, go raibh 39 n-oifigeach fostaithe ag an Ombudsman, i gcomparáid le 37 agus 38 in 2020 agus 2021 faoi seach, 28 mball foirne shealadacha, i gcomparáid le 28 agus 30 in 2020 agus 2021 faoi seach agus 7 ngníomhaire ar conradh, i gcomparáid le 8 agus 6 in 2020 agus 2021 faoi seach; á thabhairt dá haire, in 2022, gur dhéileáil sciar comhionann de thart ar 40% den fhoireann leis an riarachán (acmhainní daonna, airgeadas, bainistiú próisis) ar thaobh amháin agus gur dhéileáil 40% le gearáin agus fiosrúcháin ar an taobh eile;

21. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil post an Ard-Rúnaí folamh ón 1 Meán Fómhair 2022;

22. á thabhairt dá haire gur sheol an tOmbudsman glao ar léirithe spéise in 2022 agus é mar aidhm leis díorma iarrthóirí a bhunú, chun gníomhairí sealadacha a earcú ar bhealach níos tapa; á chur in iúl go bhfuil suim aice obair leantach a dhéanamh ar na gnóchain éifeachtúlachta a eascraíonn as an nós imeachta seo;

23. á thabhairt dá haire, gur éirigh leis an Ombudsman ionadaíocht a dhéanamh ar 18 náisiúntacht ina fhoireann, a bhuí le cumarsáid réamhghníomhach agus for-rochtain do lucht féachana níos éagsúla, go háirithe trí chainéil na meán sóisialta; ag tathant ar an Ombudsman leanúint dá iarrachtaí chun dáileadh geografach cothrom náisiúnach ó na Ballstáit uile ina fhoireann a bhaint amach;

24. á thabhairt dá haire, ó thaobh cothromaíocht inscne de, go bhfostaíonn an tOmbudsman

[4] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0295_EN.html.

níos mó ban ná fir i ngach catagóir foirne, go háirithe ar an leibhéal bainistíochta, le hionadaíocht fhoriomlán 67% mná agus 33% fir, i gcomparáid le 68% mná agus 32% fir in 2021; ag spreagadh an Ombudsman leanúint dá iarrachtaí chun ionadaíocht foirne atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach;

25. á thabhairt dá haire gur chuir an tOmbudsman a bheartas nua maidir le ham oibre agus obair hibrideach a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2021 i bhfeidhm in 2022, lena n-áirítear forálacha, mar shampla, maidir le teilea-obair, lena n-áirítear ón gcoigríoch, trealamh eirgeanamaíoch a sholáthar chun oibriú ón mbaile, obair pháirtaimseartha, saoire do thuismitheoirí, fleisc-am agus an ceart chun dícheangail agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil feidhm aige maidir le gach catagóir foirne; á chur in iúl gur geal léi toradh foriomlán suirbhé foirne a rinneadh in 2023 ina léirítear ráta sástachta ginearálta 97% den fhoireann i leith na socruithe oibre hibrideacha agus solúbtha;

26. ag aithint go bhfuil forléargas maith ag bainisteoirí ar ualach oibre na foirne, go ndéanann siad faireachán rialta ar dháileadh na hoibre, agus go ndéanann siad mionchoigeartú air, nuair is gá; á thabhairt dá haire nár chuir seirbhís liachta Pharlaimint na hEorpa, a láimhseálann cúrsaí liachta a bhaineann le foireann an Ombudsman, an tOmbudsman ar an eolas faoi aon tinneas fadtéarmach a bhain le traochadh;

27. á chur in iúl gur mór aici nár tuairiscíodh aon chásanna ciaptha in 2022; ag spreagadh an Ombudsman leanúint dá iarrachtaí chun timpeallacht oibre atá saor ó chiapadh gnéasach agus síceolaíoch a áirithiú, go háirithe trí ardú feasachta agus oiliúint; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur léirigh suirbhé a rinneadh i gcomhthéacs iniúchadh inmheánach ar an gcreat eiticiúil go raibh 90% den fhoireann ar an eolas, ag tús 2023, faoin mbeartas agus faoi na treoirlínte maidir le ciapadh;

28. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an tOmbudsman fáilte roimh 18 n-oiliúnaí íoctha in 2022, i gcomparáid le 16 oiliúnaí in 2021, a bhfuil pacáiste luacha saothair agus na socruithe oibre céanna acu agus atá ag an gcuid eile den fhoireann; ag spreagadh an Ombudsman chun scéim oiliúna a sheoladh, mar atá beartaithe do 2023, atá dírithe ar dhaoine óga faoi mhíchumas;

***Creat eitice agus trédhearcacht***

29. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha chun creat eiticiúil na hinstitiúide a neartú agus feasacht a mhúscailt ina leith; á thabhairt dá haire gur eagraigh an tOmbudsman, ina leith sin, cur i láthair ar bheartas an Ombudsman maidir le gníomhaíochtaí seachtracha, oiliúint ar chiapadh agus seisiún ag am lóin maidir le coinbhleachtaí leasa don fhoireann uile; á thabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh athbhreithniú ar na foirmeacha maidir le dearbhuithe coinbhleachtaí leasa, gníomhaíochtaí seachtracha, foilseacháin agus feidhmiú gníomhaíocht ghairme tar éis dóibh seirbhís phoiblí an Aontais a fhágáil chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Rialachán Foirne agus na rialacha inmheánacha a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi an t-iniúchadh inmheánach ar chreat eiticiúil an Ombudsman a seoladh in 2022 agus a gcuirfear a thorthaí san áireamh chun cleachtais sa réimse sin a fheabhsú tuilleadh;

30. á thabhairt dá haire go bhfuil straitéis frithchalaoise an Ombudsman bunaithe den chuid is mó ar an gcreat eiticiúil atá i bhfeidhm agus ar an bprionsabal maidir le leithscaradh dualgas le haghaidh feidhmeanna airgeadais; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol

sásaimh di, nár tuairiscíodh aon chásanna coinbhleachtaí leasa ná cásanna sceithireachta in 2022;

31. á chur in iúl gur oth léi nár tháinig an tOmbudsman isteach go foirmiúil i gclár trédhearcachta an Aontais arna bhunú le comhaontú idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach ach go bhfuil a cleachtais ailínithe aici maidir le prionsabail an chláir trédhearcachta, ag seiceáil go bhfuil cainteoirí nó idirghabhálaithe in imeachtaí nó i gcruinnithe arna n-eagrú ag an Ombudsman cláraithe ann; á chur in iúl gur geal léi an leibhéal ard trédhearcachta a bhain an tOmbudsman amach trí fhaisnéis faoi fhiosrúcháin, faoi mhisin, faoi chruinnithe agus faoi imeachtaí ina nglacann an tOmbudsman páirt a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin;

32. á iarraidh ar an Ombudsman an t-údarás buiséadach a chur ar an eolas go tréimhsiúil faoi na deacrachtaí a fuair sé ina chuid oibre maidir le trédhearcacht agus cuntasacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta;

33. á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh an tOmbudsman treoir don phobal in 2022 maidir leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid, le faisnéis ar an tslí is fearr chun an ceart sin a fheidhmiú;

***Digitiú, cibearshlándáil agus cosaint sonraí***

34. ag tréaslú leis an Ombudsman as an digitiú a chur chun cinn go gníomhach chun úsáid páipéir a laghdú agus malartú agus stóráil doiciméad a éascú; á thabhairt dá haire gur tháinig laghdú 48% ar chaiteachas TF in 2022 i gcomparáid le 2021 toisc nach raibh gá le haon infheistíocht shonrach chun an digitiú a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi an úsáid ghinearálaithe a bhaintear as físchomhdháil agus sruthú gréasáin, rud a laghdaigh an gá atá le taisteal;

35. á thabhairt dá haire, ó thaobh TF de, go mbraitheann an tOmbudsman ar bhonneagar agus ar chreat cibearshlándála na Parlaiminte agus go gcomhoibríonn sé nó sí go dlúth leis an gCoimisiún maidir le comhtháthú agus cothabháil uirlisí corparáideacha an Aontais (SYSPER, ABAC, MiPS agus ARES) agus maidir le creatchonarthaí TF a úsáid; á thabhairt dá haire, ós rud é go bhfuil a leibhéal rialaithe ar na sonraí teoranta, gur thug an tOmbudsman comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse i gcrích leis na hinstitiúidí lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhlíonann láimhseáil sonraí pearsanta an creat dlíthiúil is infheidhme; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár tháinig an tOmbudsman ar aon chibirionsaí in 2022;

36. ag spreagadh an Ombudsman chun oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil); á mholadh go ndéantar cláir oiliúna ar an gcibearshlándáil arna nuashonrú go rialta a thairiscint d’fhoireann uile an Ombudsman;

37. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir an tOmbudsman ceithre ghníomhaíocht den phlean gníomhaíochta cúig phointe a glacadh tar éis Thuarascáil Iniúchta Inmheánaigh 21/03 maidir leis an Athbhreithniú ar Chreat Cosanta Sonraí na hInstitiúide i gcrích in 2022, agus é mar aidhm aige éifeachtúlacht agus éifeachtacht phróiseáil na sonraí pearsanta ag an institiúid a fheabhsú tuilleadh;

38. á thabhairt dá haire gur chuir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (‘MECS’)

aiseolas ar fáil in 2022 maidir le gearán ó shaoránach inar áitíodh nár leor an fhaisnéis maidir le cosaint sonraí a chuir an tOmbudsman ar fáil ina admháil chaighdeánach go bhfuarthas í; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur dhún MECS an cás gan aon ghníomhaíochtaí breise a dhéanamh tar éis don Ombudsman na hathruithe molta a thabhairt isteach ina theimpléad;

39. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil córas ríomhshonrasctha á chur chun feidhme faoi láthair i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach (AS DIGIT); á iarraidh ar an Ombudsman amlíne a mhionsonrú i gcás chur chun feidhme iomlán an chórais ríomhshonrasctha;

*Foirgnimh*

40. á thabhairt dá haire, tar éis Oifig an Ombudsman sa Bhruiséil a aistriú chuig saoráidí nua a chuir an Pharlaimint ar fáil in 2021, gur eagraíodh an foirgneamh mar spás oibre comhoibríoch ina raibh líon an-bheag oifigí aonair agus saoráidí cruinnithe comhoibríocha solúbtha; á thabhairt dá haire go dearfach nach gcleachtann an tOmbudsman úsáid deasca sealaíochta agus go bhfuil a ndeasc féin ag gach ball foirne le háit stórála leordhóthanach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár eagraigh an tOmbudsman aon suirbhé foirne sular aistríodh go spás comhoibríoch in oifig na Bruiséile; á thabhairt dá haire gur léirigh suirbhé ginearálta foirne a rinneadh in 2023 gur thug formhór na foirne freagra dearfach ar na socruithe fisiciúla nua; á chur in iúl gur mór aici freisin gur coinníodh an fhoireann ar an eolas maidir le roinnt cinntí a bhaineann le feistiú an spáis oibre, amhail na scéimeanna datha, roimh an aistriú;

41. á thabhairt dá haire gur thug an tOmbudsman 20.5% den dromchla a bhí ar cíos ag an bParlaimint in Strasbourg ar ais ar iarraidh ón bParlaimint agus gur laghdaíodh a cíos ina dhiaidh sin;

42. á mheabhrú nach leis an Ombudsman a foirgnimh féin ach go bhfuil foirgneamh sa Bhruiséil agus spás oifige in Strasbourg ar cíos aici; á thabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go bhfuil foirgneamh Havel in Strasbourg inrochtana go hiomlán do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó atá faoi mhíchumas eile agus á chur in iúl gur oth léi go mór go gur gá feabhas a chur ar inrochtaineacht an fhoirgnimh atá ar cíos sa Bhruiséil; á iarraidh go ndéanfadh an Parlaimint feabhas a chur ar inrochtaineacht ar an bhfoirgneamh atá ar cíos ag an Ombudsman sa Bhruiséil;

*Comhshaol agus inbhuanaitheacht*

43. á chur in iúl gur geal léi, thar na blianta, gur laghdaigh an tOmbudsman a lorg comhshaoil, go háirithe trí dhigitiú a próiseas agus a fhoilseacháin amhail an tuarascáil bhliantúil, deireadh a chur le printéirí aonair agus bearta chun imeachtaí a dhéanamh níos inbhuanaithe; á thabhairt dá haire, maidir le lorg comhshaoil a foirgneamh, go mbraitheann an tOmbudsman ar na bearta a ghlacann an Pharlaimint ina cáil mar úinéir na bhfoirgneamh; á aithint gur cheart don Ombudsman a iarraidh a chur ar aghaidh chuig an bParlaimint, arna cur in iúl le linn urscaoileadh 2021, chun painéil ghréine a shuiteáil ar dhíon a cuid foirgneamh;

44. á thabhairt dá haire gur lean an tOmbudsman de shoghluaisteacht inbhuanaithe a spreagadh in 2022, go háirithe trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do shíntiúis bhliantúla an iompair phoiblí, trí spásanna páirceála gluaisteán atá ar fáil a theorannú agus trí fheabhas a chur ar shaoráidí agus ar pháirceáil do rothaithe;

*Comhar idirinstitiúideach*

45. á chur in iúl gur geal léi an coigilteas airgeadais agus riaracháin a baineadh amach trí chomhar idirinstitiúideach, go háirithe raon leathan na gcomhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse a tugadh i gcrích leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún agus an rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha; á thabhairt dá haire, in 2022, gur fhorbair an tOmbudsman sineirgí nua le hinstitiúidí eile agus gur shínigh sí comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí le haghaidh úsáid na ndeimhnithe sínithe ciancháilithe ag an gCoimisiún agus soláthar seirbhísí ag Oifig Tosaigh na Foirne agus Deasc Eolais na Parlaiminte;

46. á aithint a thábhachtaí atá sé ardleibhéal malartuithe agus comhordaithe a choinneáil le Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO); á chur in iúl gur geal léi gur eagraíodh comhdháil bhliantúil agus seimineár gréasáin téamach ENO mar fhóraim thábhachtacha phlé maidir le saincheisteanna tráthúla a bhfuil tionchar acu ar obair na Ombudsmen ar fud na hEorpa in 2022;

47. á chur in iúl gur geal léi an comhar a dhéanann an tOmbudsman le OIPE, CIE agus OLAF arb é is aidhm dó dúbláil imscrúduithe a sheachaint agus ábhair leasa choitinn a phlé, amhail feabhas a chur ar chreat formhaoirseachta an Aontais; á chur in iúl gur geal léi freisin na bealaí comhair a cuireadh i bhfeidhm le MECS chun traschomhairliúchán tapa a áirithiú in obair laethúil an dá institiúid agus sa Mheabhrán Tuisceana lena leagtar amach inniúlachtaí faoi seach gach institiúide arb é is aidhm leis dúbailt nósanna imeachta a áirithiú;

48. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil dlúthchomhar ag an Ombudsman le Coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa maidir le fiosrúcháin thábhachtacha tríd an obair a chur i láthair go díreach i gcruinnithe Coiste nó trí fhaisnéis a sheoladh chuig Cathaoirligh na gCoistí; á thabhairt chun suntais go bhfuil na tionscnaimh agus fiosrúcháin straitéiseacha arna seoladh ag an Ombudsman ríthábhachtach chun trédhearcacht agus cuntasacht riarachán an Aontais a fheabhsú;

*Cumarsáid*

49. á thabhairt dá haire gur mhéadaigh an buiséad foriomlán do ghníomhaíochtaí cumarsáide agus cur chun cinn ó EUR 92 100 go EUR 132 400, i.e. 43.8%, idir 2021 agus 2022; ag tréaslú leis an Ombudsman as straitéis chuimsitheach chumarsáide a fhorbairt a rannchuidigh le for-rochtain a mhéadú do lucht féachana speisialaithe agus don phobal i gcoitinne; á thabhairt dá haire gur eisigh na meáin Eorpacha 60% níos mó ailt preasa ar an Ombudsman i gcomparáid le 2021;

50. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Ombudsman feasacht na saoránach a ardú maidir le ról an Ombudsman agus maidir leis an bhféidearthacht dul ar iontaoibh i gcás drochriaracháin ag institiúid de chuid an Aontais; ag aithint na n-iarrachtaí a rinneadh chun faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil agus sonraí a fhoilsiú i bhformáid fhaisnéiseach agus sholáimhsithe ar shuíomh gréasáin an Ombudsman, cé nach bhfuil na sonraí sin ar fáil i bhformáid oscailte; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh lógó nua agus sainaitheantas físeach nua chun infheictheacht obair an Ombudsman a mhéadú agus chun go mbeidh sé inaitheanta mar chomhlacht de chuid an Aontais;

51. á chur in iúl gur mór aici an úsáid a bhain an tOmbudsman as uirlis uathoibrithe chun

cásanna a aistriú ar an suíomh gréasáin agus á iarraidh ar an Ombudsman aistriúchán rianúil agus tráthúil ar a gcásanna a áirithiú i ngach teanga;

52. á thabhairt dá haire go bhfuil cuntais na meán sóisialta ag an Ombudsman ar Instagram, LinkedIn, X (twitter roimhe seo), áit a raibh an fás ar lucht leanúna agus na rátaí rannpháirtíochta níos airde in 2022 ná mar a bhí sna blianta roimhe sin; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Ombudsman i dtreoirthionscadal faoi stiúir MECS arb é is aidhm dó institiúidí an Aontais a thabhairt ar EU-Voice agus ar EU-Video, ar dhá líonra meán sóisialta foinse oscailte saor in aisce iad, bunaithe ar bhogearraí Mastodon, lena gceadaítear d’institiúidí an Aontais idirghníomhú leis an bpobal trí théacsanna, íomhánna, físeáin agus podchraoltaí a chomhroinnt.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| **Entity and/or person** |
|---|
| Director of the Directorate for Administration |
| Administrator, Secretariat General |
| Policy Adviser – Parliamentary Relations, Cabinet of the European Ombudsman |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

## INFORMATION ON ADOPTION IN COMMITTEE RESPONSIBLE

| | |
|---|---|
| **Date adopted** | 22.2.2024 |
| **Result of final vote** | +: 20<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Members present for the final vote** | Gilles Boyer, Olivier Chastel, Caterina Chinnici, Carlos Coelho, Luke Ming Flanagan, Daniel Freund, Isabel García Muñoz, Monika Hohlmeier, Joachim Kuhs, Petri Sarvamaa, Eleni Stavrou, Angelika Winzig, Lara Wolters |
| **Substitutes present for the final vote** | Corina Crețu, Andrey Novakov, Mikuláš Peksa, Sabrina Pignedoli, Michal Wiezik |
| **Substitutes under Rule 209(7) present for the final vote** | Marie Dauchy, Ljudmila Novak, Mick Wallace |

# FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE RESPONSIBLE

| 20 | + |
|---|---|
| ID | Marie Dauchy |
| NI | Sabrina Pignedoli |
| PPE | Caterina Chinnici, Carlos Coelho, Monika Hohlmeier, Ljudmila Novak, Andrey Novakov, Petri Sarvamaa, Eleni Stavrou, Angelika Winzig |
| Renew | Gilles Boyer, Olivier Chastel, Michal Wiezik |
| S&D | Corina Crețu, Isabel García Muñoz, Lara Wolters |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Daniel Freund, Mikuláš Peksa |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

Key to symbols:
+ : in favour
- : against
0 : abstention